

Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistiméireacht




Chuaigh mé go dtí gairmthreoraí na scoile. Dúirt mé leis go raibh mé ag iarraidh ceimic a dhéanamh in Ollscoil na Gaillimhe. Dúirt sé go mbeadh orm obair chrua a chur isteach mar bhí ceithre chéad pointe **de dhíth** chun áit a fháil ar an chúrsa.



Ag deireadh an lae, bhuail mé le mo chara, Sinéad. **D'fhiafraigh Sinéad díom** ar mhaith liom dul leis na cailíní eile go Baile Átha Cliath. **Dhiúltaigh** mé dul mar bhí a lán obair bhaile agam agus bhí orm **staidéar breise** a dhéanamh fosta.



Chuir mo **stócach**, Sam, scairt orm oíche amháin i rith na seachtaine ag iarraidh dul amach chun scannán a fheiceáil sa Savoy ach dhiúltaigh mé go brónach mar bhí orm aiste fhada a scríobh.



An téarma ar fad, d'fhan mé sa bhaile ag déanamh staidéar cruu. Bhí mo dhaidí **buartha fúm**. Dúirt sé **gur chóir dom** sos a thógáil. Ach dúirt a mo mhamaí go mbeinn ábalta dul amach ag an deireadh seachtaine agus nach raibh ach cúpla mí fágtha go dtí na scrúdaithe.



Nuair a tháinig na torthaí amach bhí áthas an domhain orm. Fuair mé ceithre chéad caoga pointe **san iomlán**. Bhí sé go hiontach ar fad, gan amhras. Dúirt Sinéad go raibh sé **tuillte go maith** agam agus mar a deir an seanfhocal: **"A cheart don té a thuill é."**



Chuaigh mé go Gaillimh le mo thuistí i dtosach Dheireadh Fómhair chun clárú don chúrsa. D'éirigh liom **mo chuspóir a bhaint amach** agus bhí mé lánsásta. **B'fhíú go mór** an iarracht sa deireadh!